V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10543 — BISCUIT HOLDING / CONTINENTAL BAKERIES HOLDING)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 70/04)

1. An 4 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Biscuit Holding S.A.S. ("Biscuit International", An Fhrainc), arna rialú ag Platinum Equity

— Continental Bakeries Holding B.V. ("Continental Bakeries", an Ísiltír)

Gheobhaidh Biscuit International rialú ar Continental Bakeries ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Monaraíonn Biscuit International go príomha brioscaí milse ó lipéid phríobháideacha, cé go bhfuil sé gníomhach freisin i gcomhmhonarú brioscaí brandáilte. Feidhmíonn Biscuit International den chuid is mó san Eoraip agus tá díolacháin teoranta aige sna Stáit Aontaithe, san Afraic, i Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus i Meiriceá Laidineach.

— Monaraíonn Continental Bakeries brioscaí milse, athsholáthairtí aráin agus tósta. Díríonn sé ar tháirgí ó lipéid phríobháideacha, cé go bhfuil brandaí briosca dá chuid féin aige freisin. Oibríonn sé go príomha san Eoraip agus tá díolacháin teoranta aige sna Stáit Aontaithe, san Afraic, agus i Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10543 — BISCUIT HOLDING / CONTINENTAL BAKERIES HOLDING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË